RÁITEAS POLASAÍ PRÍOBHÁIDEACHAIS UM SHEIRBHÍS AR LÍNE NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

Dáta: 1 Feabhra 2005

Ní féidir cuid ar bith den doiciméad seo a chóipeáil, a atáirgeadh, a aistriú ná a stóráil i meán leictreonach ná i ríomhfhormáid inneall-léite gan cead scríofa a fháil roimh ré ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cóipcheart© 2005 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Ráiteas Príobháideachais

Do Cheart chun Príobháideachais
Tugann na Coimisinéirí Ioncaim aird iomlán ar do cheart chun príobháideachais i do chuid idirghníomhaíochtaí leis an suíomh idirlín seo.

Caithfear de réir na gcaighdeán is airde ó thaobh na slándála agus na rúndachta de, agus go docht faoi réir Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1988 agus 2003, le heolas pearsanta ar bith a dheonaíonn tú a nochtadh.

Ráiteas Ginearálta
Ní bhaileoidh na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis ar bith fútsa tríd an suíomh idirlín seo ach amháin chun críocha a bhaineann le cánacha, le ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh agus le feidhmeanna áirithe reachtúla eile, mar a shannaíonn an tOireachtas. Caithfear le heolas pearsanta ar bith a dheonaíonn tú a nochtadh do na Coimisinéirí mar eolas faoi rún agus coinneofar go daingean é.

Faisnéis Phearsanta a Bhailiú agus a Úsáid
Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis phearsanta ar bith a bhailiú ar an suíomh idirlín seo, seachas an fhaisnéis a dheonaíonn tú a sholáthar.

Glacaimid gach cúram maidir le faisnéis phearsanta a bhaineann leatsa a choinneáil faoi rún, faoi réir ag an reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Ní roinnfear faisnéis ar bith a chuireann tú ar fáil dúinn le linn do phlé linn le tríú páirtí ar bith, ach amháin de réir mar a cheadaítear nó a éilítear faoin dlí.

Rúndacht agus Slándáil
Tá ceangal faoin dlí ar na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis i dtaobh cáiníocóirí a choinneáil faoi rún. Glacaimid gach réamhchúram maidir le faisnéis ar bith a chuireann tú chugainn trínar suíomh idirlín a chosaint, ar líne agus as, de réir na reachtaíochta, mar atá in Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1988 agus 2003.

Ó cheann ceann i bpróiseas clárúcháin ROS, agus le linn duit a bheith ag cur faisnéise íogair chugainn, mar a bhíonn riachtanach i dtuairisceán cánach, déantar an fhaisnéis sin a chriptiú mar dhíon ar a rúndacht, a tharchur le Teastas Digiteach agus a chosaint de réir an chleachtais is fearr sa tionscal.

Clárú
Tá seirbhísí éagsúla á dtairiscint tríd an suíomh idirlín, ar a n-áirítear áiseanna chun tuairisceán cánach a chur isteach, chun sonraí reatha cuntais a fheiscint agus chun íocaíochtaí a dhéanamh tríd an idirlíon. Chun leas a bhaint as na seirbhísí sin, ní foláir duit an próiseas clárúcháin a chomhlánú agus Teastas Digiteach a

fháil. Le linn duit a bheith ag clárú, iarraimid ort mionsonraí áirithe a sholáthar, chun gur féidir linn do chéannacht a fhíorú. Is féidir go n-iarrfaí ort sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist, mar shampla) a sholáthar, a úsáidfimid chun tú a choinneáil ar an eolas maidir leis na seirbhísí ar ár suíomh idirlín agus chun do cheisteanna i dtaobh na seirbhísí sin a fhreagairt. A thúisce is a bheidh do Theastas Digiteach faighte agat, beidh tú in ann seirbhísí daingne laistigh dár suíomh a rochtain. B'fhéidir go gcuirfimid teachtaireachtaí eile ríomhphoist chugat níos déanaí, chun tú a chur ar an eolas i dtaobh athruithe sna seirbhísí sin.

Fianáin in Úsáid

Ar an suíomh idirlín seo againne, úsáidimid fianáin 'seisiúin' chun slí an úsáideora a rianadh tríd an suíomh, rud a chuireann ar ár gcumas daingneacht agus iomláine na sonraí in úsáid a chosaint. Ní bhíonn ceangal idir an fhaisnéis san fhianán agus faisnéis phearsanta inaitheanta ar bith a chuireann tú ar fáil trid an suíomh. Dealaítear an fianán seisiúin a thúisce is a dhúnann tú do bhrabhsálaí.

Ina theannta sin, úsáidimid fianáin 'dhianseasmhacha' a choinníonn do bhrabhsálaí idirlín ó chuairt go chéile chun an tsuímh seo againne. Ní stórálann na fianáin sin faisnéis phearsanta inaitheanta ar bith mar gheall ortsa, ach coinníonn siad faisnéis mar gheall ar chumraíocht do bhrabhsálaí. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun an próiseas logála a bhrostú.

Seoltaí Prótacal Idirlín (IP) a Bhailiú

Agus an tIdirlíon in úsáid agat, sannaítear seoladh IP duit, agus cuirimid seoladh IP an fhreastalaí agatsa ar an taifead nuair a thugann tú cuairt ar an suíomh seo againne. Úsáidtear é sin chun críocha éagsúla, a bhaineann le riarachán an tsuímh, le treochtaí a anailísiú, le staitisticí a bhailiú, agus mar sin de. Níl ceangal idir seoltaí IP agus faisnéis phearsanta inaitheanta ar bith.

Naisc

Léirítear naisc go dtí suímh eile ar Shuíomh Idirlín ROS. Níl freagracht ar bith ar na Coimisinéirí Ioncaim maidir le caighdeáin na suíomh eile sin ó thaobh an phríobháideachais de. Molaimid duit é sin a mheabhrú agus tú ag imeacht ón suíomh seo againne. Ní bhaineann an ráiteas príobháideachais seo ach le cleachtais phríobháideachais a bhaineann le suíomh idirlín ROS amháin.

Faisnéis Phearsanta a Cheartú/Nuashonrú

I gcás go dtagann athrú ar bith ar do shonraí phearsanta inaitheanta, nó más mian leat éirí as úsáid ár seirbhíse, tabharfaimid bealach duit chun do chuid faisnéise pearsanta a cheartú, a nuashonrú nó a dhealú de na taifid ar ár gcóras Idirlín. Is féidir leat do Theastas Digiteach a chur á aisghairm, ach dul i dteagmháil lenár ndeasc cabhrach ag 1890 201 106 or +353 1 6744421 (ríomhphost: roshelp@revenue.ie).

Fógra i dtaobh Athruithe ar an Ráiteas seo

Forchoimeádann na Coimisinéirí Ioncaim an ceart an ráiteas seo a leasú in am ar bith amach anseo agus fógróidh siad athrú substainteach ar bith anseo.